Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2015

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (Cúrsa Iomlán)

Aonad 3: Tuiscint ar Chórais TFC atá i nGnáthúsáid an Lae agus na hImpleachtaí atá ann don Duine Aonair, d'Eagraíochtaí, don tSochaí agus don Domhan Mhór

*GIT31*

## [GIT31]

## DÉ CÉADAOIN 13 BEALTAINE, MAIDIN

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch gorm nó le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist **déag**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 180 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa in Ceisteanna **5, 7, 9, 12(h), 14, 15(b)** agus **16**.

9404.02

**I gceist 1 cuir an litir chuí sa spás chuige sin.**

1 **(a)** Roghnaigh an ráiteas atá fíor maidir le Cuimhne RandamRochtana.

**A** Tá Cuimhne RandamRochtana neamhluaineach

**B** Tá Cuimhne RandamRochtana luaineach

**C** Tá Cuimhne RandamRochtana i láthair ar an diosca chrua

**D** Tá Cuimhne RandamRochtana in úsáid ar phinn chuimhne BUS (*USB*)

Freagra ___________ [1]

**(b)** Ciallaíonn LCD (*CSV*):

**A** Luach Ceart Deas

**B** Luach CamógDheisithe

**C** Luach CríochDheighilte

**D** Luach CamógDheighilte

Freagra ___________ [1]

**(c)** Roghnaigh an sainmhíniú ceart ar fhaisnéis.

**A** Is ionann faisnéis agus sonraí gan bhrí agus chomhthéacs

**B** Is ionann faisnéis agus rud éigin a iontrálann tú ar ríomhaire

**C** Is ionann faisnéis agus fíricí agus figiúirí amha gan brí ar bith

**D** Is ionann faisnéis agus sonraí a ndearnadh iad a phróiseáil agus a chur i láthair ar dhóigh bhríoch

Freagra ___________ [1]

(d) Is ionann SSI (*ISP*) agus:

**A** Soláthraí Seirbhísí Idirlín

**B** Soláthraí Saineolais Idirnáisiúnta

**C** Soláthraí Suntasach Idirlín

**D** Soláthraí Seirbhísí Idirnáisiúnta

Freagra ___________ [1]

**(e)** I mbunachar sonraí, maidir le heochair-réimse:

**A** Tá an luach céanna aige do gach taifead

**B** Tá sé uimhriúil i gcónaí

**C** Tá luach difriúil aige do gach taifead

**D** Caithfidh sé a bheith déanta de litreacha agus d'uimhreacha

Freagra ___________ [1]

**(f)** Ciallaíonn an téarma IUAI (*WORM*):

**A** Inscríofa Uair Amháin Il-Inléite

**B** Inscríofa Uair Agus Il-Inmheáin

**C** Inscríofa Uair Amháin Ilmheán-Inléite

**D** Inscríofa Uair Agus Il-Inléite

Freagra ___________ [1]

**(g)** Roghnaigh an sainmhíniú ceart ar ghrafaicí veicteoirbhunaithe.

**A** Stórálann grafaicí veicteoirbhunaithe mionsonraí faoi gach ceann de na picteilíní as a bhfuil an íomhá déanta

**B** Stórálann grafaicí veicteoirbhunaithe íomhánna iolracha a ritheann ceann i ndiaidh an chinn eile le beochaintí a chruthú

**C** Stórálann grafaicí veicteoirbhunaithe mionsonraí faoi chomhchodanna ar leith as a bhfuil an íomhá déanta

**D** Stórálann grafaicí veicteoirbhunaithe mionsonraí faoin ghaireas a úsáidtear le híomhánna fótagrafacha a cheapadh

Freagra ___________ [1]

**(h)** Roghnaigh an liosta ina bhfuil formáidí comhaid is fóirsteanaí le comhaid fuaime a dháileadh thar an Idirlíon.

**A** wmv, mp4, wma, mp3

**B** avi, midi, wav, mp3

**C** avi, mov, wmv, mp3

**D** midi, wav, wma, mp3

Freagra ___________ [1]

**(i)** Roghnaigh an rogha a mhíníonn an buntáiste as físchomhaid dhigiteacha a optamú.

**A** Laghdaíonn optamú méid an chomhaid ionas gur féidir é a uaslódáil agus a íoslódáil níos gasta thar an Idirlíon

**B** Méadaíonn optamú méid an chomhaid ionas go bhfuil cáilíocht fheabhsaithe físeán ann roimh dháileadh

**C** Laghdaíonn optamú méid an chomhaid agus cinntíonn nach féidir le duine ar bith eile an físeán a oscailt le heagarthóireacht a dhéanamh air

**D** Méadaíonn optamú méid an chomhaid agus cinntíonn gur féidir le duine ar bith eile an físeán a oscailt le heagarthóireacht a dhéanamh air

Freagra ____________ [1]

**(j)** Roghnaigh an sainmhíniú ceart ar bhall te ar shuíomh gréasáin.

**A** Limistéar a bhfuil rochtain DgS (*Wi-Fi*) ann ionas gur féidir leat nasc a dhéanamh leis an Idirlíon i gceantar poiblí

**B** Limistéar ar íomhá a dtig leat cliceáil air le hipearnasc a rochtain chuig leathanach gréasáin nó suíomh gréasáin eile

**C** Limistéar ar shuíomh gréasáin ar a dtig leat na hipearnaisc a rinne duine éigin eile romhat a rochtain agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu

**D** Limistéar ar shuíomh gréasáin a gcuirtear liosta ar fáil duit de na leathanaigh uilig ar tugadh cuairt orthu roimhe

Freagra ____________ [1]

**(k)** Roghnaigh an ráiteas a chuireann síos i gceart ar an dóigh ar fhorbair consóil chluichí thar na blianta.

**A** Tá méadú ag teacht ar chonsóil chluichí ó thaobh méide de, tá a gcumhacht próiseála níos mó agus is féidir leo grafaicí de cháilíocht níos airde a ghiniúint

**B** Tá laghdú ag teacht ar chonsóil chluichí ó thaobh méide de, tá a gcumhacht próiseála níos mó agus cuireann siad ar chumas d'úsáideoirí rochtain a fháil ar réimse leathan feidhmeanna

**C** Tá laghdú ag teacht ar chonsóil chluichí, ó thaobh méide de, níl a bpróiseálaithe chomh cumhachtach agus is féidir leo grafaicí 3T (*3D*) a tháirgeadh

**D** Tá méadú ag teacht ar chonsóil chluichí ó thaobh méide de, níl a bpróiseálaithe chomh cumhachtach agus is féidir leo grafaicí d'ardcháilíocht a ghiniúint

Freagra ___________ [1]

**2** **(a)** Forbair an t-acrainm AOC (*OCR*).

_______________________________________________ [1]

**(b)** Sa tábla thíos, ticeáil (✓) **dhá** phróiseas ar mó an dóchúlacht go mbainfidh siad úsáid as AOC (*OCR*).

| **Próiseas** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Doiciméad a scanadh ionas gur féidir eagarthóireacht a dhéanamh ar na sonraí | |
| Sonraí a iontráil isteach go díreach ar scarbhileog | |
| CGÚ (*GUI*) a úsáid | |
| Postchóid lámhscríofa ar chlúdach a thiontú ina sonraí leictreonacha | |
| Doiciméad a chlóscríobh i bpróiseálaí focal | |

[2]

**3** Ligeann Ardscoil na Foraoise do dhaltaí a ríomhairí glúine agus a dtáibléid féin a thabhairt chun na scoile leis an líonra gan sreang a rochtain.

Seo thíos na mionsonraí faoi na táibléid atá ag beirt de na daltaí.

| | **Táibléad 1** | **Táibléad 2** |
|---|---|---|
| **Scáileán** | Méid = 7.9 orlach<br>Taifeach = 1024x768 | Méid = 7 n-orlaí<br>Taifeach 1920x1200 |
| **Cuimhne** | 512MB CRR(*RAM*) | 2GB CRR(*RAM*) |
| **Próiseálaí** | 1GHz Cór Déach | 1.5GHz Cór Ceathrúil |
| **Stóras** | 64GB | 16GB |
| **Bluetooth** | Tá | Tá |
| **DgS (*Wi-Fi*)** | Tá | Tá |
| **3G** | Níl | Tá |
| **Luchtú gan sreang** | Níl | Tá |
| **Ceamara** | 8 Meigiphicteilín | 5 Mheigiphicteilín |

**(a)** Sa tábla thíos, ticeáil (✓) **dhá** ráiteas atá fíor maidir leis na táibléid.

| **Ráiteas** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Beidh rochtain Idirlín ag táibléad 1 agus ní bheidh gá leis logáil isteach ar an líonra gan sreang | |
| Beidh rochtain Idirlín ag táibléad 2 agus ní bheidh gá leis logáil isteach ar an líonra gan sreang | |
| Glacfaidh táibléad 1 grianghraif de cháilíocht níos fearr ná táibléad 2 | |
| Glacfaidh táibléad 2 grianghraif de cháilíocht níos fearr ná táibléad 1 | |

[2]

**(b)** Comhlánaigh an tábla thíos, trí ainm an táibléid a mholfá do gach feidhm a chiorclú. Mínigh do rogha i ngach cás.

| **Feidhm** | **Cé Acu Táibléad?** | **Mínigh do rogha táibléid thíos** |
|---|---|---|
| Cluichí ar líne a imirt | Táibléad 1<br><br>Táibléad 2<br><br>[1] | [2] |
| Scannáin AD (*HD*) a stóráil | Táibléad 1<br><br>Táibléad 2<br><br>[1] | [2] |

Tá teicneolaíocht DgS (*Wi-Fi*) agus Bluetooth ag an dá tháibléad.

**(c)** **(i)** Comhlánaigh an abairt thíos trí na focail chearta a roghnú as an liosta atá curtha ar fáil.

**CAIGHDEÁN** **TONNTA** **GAIRIS**

Seasann DgS (*Wi-Fi*) do Dhílseacht gan Sreang (*Wireless Fidelity*).

Is tacar ________________ é le húsáid a bhaint as ________________ raidió gearr-raoin ionas go mbeadh ________________ ríomhaireachta ábalta nascadh le LAL (*LAN*) nó leis an Idirlíon.

[3]

**(ii)** Liostaigh **dhá** ghné de theicneolaíocht Bluetooth.

1. ________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________ [2]

Tá méideanna difriúla CRR (*RAM*) ag gach táibléad.

**(d)** **(i)** Cad é is feidhm le CRR (*RAM*)?

________________________________________

________________________________________ [2]

**(ii)** Cad é mar a thig leis an méid CRR (*RAM*) tionchar a imirt ar fheidhmiú an táibléid?

________________________________________

________________________________________ [2]

**(e)** Cuir síos ar **dhá** bhuntáiste do dhaltaí as rochtain a bheith acu ar an líonra gan sreang.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(f)** Liostaigh **dhá** bheart slándála a thiocfadh leis an scoil a dhéanamh lena chinntiú nach mbeidh ach úsáideoirí údaraithe ag logáil isteach ar líonra gan sreang.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**4** Is comhlacht forbartha bogearraí é SamsonDigital Ltd.

Tá feidhmchlár nua forbartha ag an chomhlacht do dhaltaí atá ag déanamh staidéir ar TFC (*ICT*) don GCSE. Is féidir le daltaí an feidhmchlár a íoslódáil lena úsáid ar ríomhaire nó ar ghaireas soghluaiste.

Leis an fheidhmchlár a íoslódáil, caithfidh daltaí logáil isteach ar shuíomh gréasáin slán a úsáideann criptiú agus balla dóiteáin.

**(a)** Cad é is balla dóiteáin ann?

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(b)** Cuir síos ar phróiseas an chriptithe.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

Iarrtar ar dhaltaí pasfhocal a shocrú an chéad uair a logálann siad isteach ar an tsuíomh gréasáin.

**(c)** Liostaigh **dhá** phíosa comhairle ar chóir do dhalta iad a leanúint agus iad ag roghnú pasfhocail.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

Tá an suíomh gréasáin stóráilte ar fhreastalaí comhad a ndéantar cúltacú air go laethúil.

**(d)** Taobh amuigh de chúltaca, liostaigh **dhá** fheidhm atá le freastalaí ar líonra ar bith.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(e)** Mínigh cad é mar is féidir sonraí a chúltacú ar líonra.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(f)** Liostaigh buntáiste **amháin** don dalta as gaireas soghluaiste a úsáid leis an fheidhmchlár a rith.

______________________________

______________________________ [1]

**5** Baintear úsáid as RAAAAD (*EFTPOS*) agus as barrachóid go forleathan i siopaí. Cuir síos ar an dá theicneolaíocht seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

An dóigh a gcuidíonn RAAAAD (*EFTPOS*) agus barrachóid le seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do chustaiméirí

An dóigh a gcuidíonn RAAAAD (*EFTPOS*) agus barrachóid le faisnéis chruinn a chur ar fáil d'úinéirí na siopaí

[6]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

[Tiontaigh an leathanach

**6** Seo thíos cuid de scarbhileog do shiopa grósaera áitiúil, ina léirítear costais agus táillí seachadta.

| | A | B | C | D | E | F | G | H | I | J |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Táillí Seachadta – SM Groceries Ltd. | | | | | | | | | |
| 2 | **Cód Cliaint** | **Ainm Cliaint** | **Seoladh** | **Costas Earraí** | **Fad Slí (mílte)** | **Costas Seachadta** | **Costas** | **Cárta Óir** | **Lascaine** | **Iomlán le híoc** |
| 3 | DL101 | An tUas M Gillan | 1 Papton Ave | £ 185.80 | 12 | *£ 5.00* | *£190.80* | Tá | £ 9.54 | £ 181.26 |
| 4 | DL102 | Bn P Mahon | 23 Island Path | £ 320.67 | 14 | £ 5.00 | £325.67 | Tá | £ 16.28 | £ 309.39 |
| 5 | DL103 | Iníon R Rowan | 19 Upper Rd | £ 150.78 | 18 | £ 9.00 | £159.78 | Níl | *BRÉAGACH* | £ 159.78 |
| 6 | DL104 | An tUas J Wilson | 3 Papton Ave | £ 98.06 | 12 | £ 5.00 | £103.06 | Tá | £ 5.15 | £ 97.91 |
| 7 | DL105 | Bn L Harking | 62 Oak Path | £ 204.50 | 22 | £ 11.00 | £215.50 | Níl | BRÉAGACH | £ 215.50 |
| 8 | DL106 | Iníon S Mullin | 88 Elm Park | £ 300.90 | 25 | £ 12.50 | £313.40 | Níl | BRÉAGACH | £ 313.40 |
| 9 | DL107 | An tUas P Jones | 11 Belmont | £ 100.67 | 10 | £ 5.00 | £105.67 | Níl | BRÉAGACH | £ 105.67 |
| 10 | DL108 | An tUas A Greene | 14 Harrow Rd | £ 107.67 | 9 | £ 5.00 | £112.67 | Níl | BRÉAGACH | £ 112.67 |
| 11 | | | | | 122 | | *£325.67* | 3 | | *£1495.57* |
| 12 | | | | | | | | | | |
| 13 | | | | | | | | | | |
| 14 | | Costas Seachadta | 0–15 mhíle | £ 5.00 | | | | | | |
| 15 | | | Costas sa mhíle má tá sé níos mó ná 15 mhíle | £ 0.50 | | | | | | |

**(a)** Sa tábla thíos, ticeáil (✓) an fhoirmle a úsáideadh i gcill J11.

| Foirmle | Ticeáil (✓) |
|---|---|
| =SUM(J3:J10) | |
| =SUM(G11:H11) | |
| =SUM(D3:D11) | |

[1]

**(b)** Scríobh an fhoirmle a mbeifeá ag dúil lena fáil i gcill G3.

_______________________________________________ [1]

Is é £5 an costas seachadta má tá custaiméirí ina gcónaí taobh istigh de 15 mhíle ón tsiopa, seachas sin is é 50 pingin an míle an costas.

**(c)** **(i)** Sa tábla thíos, ticeáil (✓) an Ráiteas IF a thabharfaidh na torthaí cearta do chill F3.

| **Ráiteas IF** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| =IF(E3<=15,500,E3*50) | |
| =IF(E3<=15,5,E3*0.50) | |
| =IF(E3<=15,5,E3*50) | |

[1]

**(ii)** Is féidir leis an Ráiteas IF úsáid a bhaint as dearbhthagairtí cille in áit luachanna. Comhlánaigh an Ráiteas IF seo a leanas ag úsáid dearbhthagairtí cille.

**=IF(E3<=15, __________, E3*__________)**

[2]

**(iii)** Luaigh buntáiste **amháin** as dearbhthagairtí cille a úsáid sa Ráiteas IF seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

Tugtar lascaine de 5% do chliaint a bhfuil Cárta Óir acu.

**(d)** An Ráiteas IF thíos, taispeánfaidh sé BRÉAGACH i gcill I5 nuair nach bhfuil Cárta Óir ag custaiméir. Sa tábla thíos, athraigh an Ráiteas IF ionas go nochtfaidh luach 0 i gcill I5 nuair nach bhfuil Cárta Óir ag custaiméir.

| Ráiteas IF ag taispeáint BRÉAGACH i gcill I5 | Ráiteas IF ag taispeáint 0 i gcill I5 |
|---|---|
| **=IF(H5="Y",G5*0.05)** | [1] |

**(e)** Cad é an fheidhm a úsáideadh i gcill G11?

______________________________________________ [1]

Is féidir scarbhileog a úsáid le breathnú ar an éifeacht a bhíonn ag luachanna a athrú i gcealla.

**(f)** Cuir síos ar dhóigh **amháin** a bhféadfaí an ghné seo a úsáid le cuidiú le húinéir SM Groceries Ltd cinntí a dhéanamh ar phraghsáil.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**7** Tá deiseanna nua oibre agus deiseanna oibre atá ag síorathrú curtha ar fáil mar gheall ar úsáid na gcóras ríomhaire. Cuir síos ar **dhá** dhóigh a raibh tionchar ag teicneolaíocht ar dheiseanna oibre san earnáil TFC (*ICT*) agus ríomhaireachta.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [6]

[Tiontaigh an leathanach

**8** Ba mhaith le Molly cluiche ríomhaire a dhearadh le cuidiú le páistí bunscoile lena gcuid litrithe.

Ní mór don chluiche bheith ina chluiche puzail.

**(a)** Sa tábla thíos, cuir tic (✓) taobh leis an **dá** ráiteas a chuidíonn le cur síos a dhéanamh ar sheánra cluiche puzail.

| **Ráiteas** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Tá frithghníomhuithe gasta de dhíth i gcásanna atá criticiúil ó thaobh ama | |
| Freagraíonn an t-imreoir ceisteanna ar nós ceisteanna i dtráth na gceist | |
| Imrítear an cluiche trí shúile carachtair eile | |
| Dá fhad a bhíonn tú ag imirt, is deacra a éiríonn an cluiche | |

[2]

**(b)** Seachas grafaicí a úsáid, luaigh **dhá** dhóigh a dtig le Molly an cluiche a dhéanamh fóirsteanach do pháistí bunscoile.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

Cuardaíonn Molly an tIdirlíon le grafaicí a fháil le húsáid ina cluiche ríomhaire.


**(c)** Insíonn cara Molly di gan úsáid a bhaint as íomhánna le hiarmhír comhadainm .bmp

Mínigh cad chuige nach cineál fóirsteanach comhaid é seo do chluiche ríomhaire.

______________________________

______________________________ [2]

I gcluiche Molly, caithfidh daltaí litriú ceart focail a tharraingt isteach i mbosca. Taispeántar gabháil scáileáin thíos.




**(d)** Sainaithin gaireas cuí ionchuir do chluiche Molly.

_______________________________________________ [1]


Ba mhaith le Molly fuaim a úsáid ina cluiche.

**(e)** Luaigh **dhá** shampla den dóigh ar féidir fuaim a úsáid i gcluiche ríomhaire Molly.

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________ [2]

**(f)** Ciorclaigh sampla **amháin** d'aischothú atá á thaispeáint ar an scáileán cluiche thíos.



© bortonia/iStock/Thinkstock

[1]

**(g)** Ní mór do Molly Treoir Úsáideora a dhearadh dá cluiche. Liostaigh **trí** phíosa faisnéise ar chóir do Molly iad a chur isteach sa Treoir Úsáideora.

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________ [3]

Ní mór do Molly a cluiche a thástáil sula ligeann sí do na páistí é a imirt.

**(h)** Cuir síos ar an dóigh ar chóir do Molly na codanna seo a leanas dá cluiche a thástáil.

Scór: ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

Nascleanúint: ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [4]

[Tiontaigh an leathanach

**9** Bíonn a lán daoine ag imirt cluichí ríomhaire anois ar ghairis iniompartha amhail gutháin phóca.

Mínigh an dóigh a mbíonn guth: áin phóca anois ag tacú le feidhmchláir chluiche. Ba chóir duit tagairt a dhéanamh don phróiseálaí, do scáileáin agus do 3G i do fhreagra.

Próiseálaí: ____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

Scáileáin: ____________________

____________________

____________________

____________________

____________________

3G: ____________________

____________________

____________________

____________________

____________________ [6]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**10** Is dearthóir grafaicí í Annie.

Mar chuid dá post, baineann sí úsáid in amanna as pacáistí láithreoireachta agus pacáistí grafaicí.

**(a) (i)** Sainaithin buntáiste **amháin** as máistirshleamhnán a úsáid i láithreoireacht.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh ar féidir hipearnasc a úsáid i bpacáistí láithreoireachta.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(iii)** Sainaithin **dhá** chineál comhaid atá fóirsteanach le grafaicí beochana a stóráil.

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________ [2]

Is minic a iarrtar ar Annie eagarthóireacht a dhéanamh ar ghrianghraif do bhaill den teaghlach.

**(b)** Seachas cáblaí a úsáid, cuir síos ar mhodh **amháin** a bhféadfadh Annie úsáid a bhaint as le híomhánna a aistriú ó cheamara trasna go dtí a ríomhaire.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

Thug caifitéire scoile an íomhá seo a leanas do Annie. Ba mhaith leo í a úsáid ar phóstaer.



© CCEA

**(c)** Caithfidh Annie eagarthóireacht a dhéanamh ar an íomhá ionas nach bhfuil le feiceáil ach an t-úll. Cad é an ghné de phacáiste grafaicí ar chóir di úsáid a bhaint aisti leis seo a dhéanamh?

______________________________________________ [1]

**(d)** Luaigh **dhá** dhóigh a bhfuil an íomhá thíos athraithe ón bhuníomhá thuas.



© CCEA

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

[Tiontaigh an leathanach

Stórálann Annie cuid dá híomhánna i bhformáid CSGG (*JPEG*).

**(e)** **(i)** Forbair an t-acrainm CSGG (*JPEG*).

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le híomhánna a stóráil i bhformáid CSGG (*JPEG*).

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

Tá roinnt íomhánna ag Annie ar a guthán póca. Ba mhaith léi iad a sheoladh chuig guthán póca a carad ach teipeann ar an teachtaireacht seoladh.

**(f)** Luaigh **dhá** fháth nach mbeadh Annie ábalta an teachtaireacht seo a sheoladh chuig guthán a carad.

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________ [2]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**[Tiontaigh an leathanach**

**11** Tá David ag cur isteach ar chomórtas ar stáisiún raidió áitiúil. Caithfidh sé intreoir ceoil 30 soicind a dhearadh do cheann de na seónna ar an stáisiún raidió.

Ba mhaith leis nascóir CDUC (*MIDI*) a úsáid lena eochairchlár ceoil a nascadh leis an ríomhaire.

**(a)** Forbair an t-acrainm CDUC (*MIDI*).

______________________________________________ [1]

**(b)** Cuir síos ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le ceol a thaifeadadh ón eochairchlár go díreach isteach ar a ríomhaire.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Osclaíonn David a fhuaimrian i bpacáiste eagarthóireachta. Is féidir a fhuaimrian a fheiceáil thíos.




© CCEA

9404.02

**(c)** Ón íomhá ar an leathanach roimhe seo, sainaithin fadhb **amháin** leis an fhuaimrian atá cruthaithe ag David.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

Ba mhaith le David guthú a thaifeadadh ag tús an fhuaimriain.

**(d)** Sainaithin gaireas ionchuir **amháin** a d'úsáidfeadh sé don tasc seo.

_______________________________________________ [1]

Caithfidh David an comhad a chomhbhrú sula dtig leis é a chur le ríomhphost chuig an stáisiún raidió.

**(e)** **(i)** Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh sé seo tionchar a imirt ar cháilíocht an fhuaimriain.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]


**(ii)** Luaigh cad é mar a rachaidh seo i bhfeidhm ar mhéid an chomhaid.

_______________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**12** Iarradh ar Peter suíomh gréasáin a dhearadh do chumann spóirt áitiúil.

Cruthaíonn sé an suíomh gréasáin a thaispeántar thíos.




*© Belfast Fencing Club*

**(a)** Luaigh ainm hipearnasc **amháin** ar an tsuíomh gréasáin a thaispeántar thuas.

______________________________ [1]

Úsáidtear TMHT (*HTML*) le suíomhanna gréasáin a chruthú.

**(b)** Forbair an t-acrainm TMHT (*HTML*).

______________________________ [1]

Tá corradh le céad íomhá agus físghearrthóg ag Peter le cur leis an tsuíomh gréasáin.

**(c)** **(i)** Cinneann Peter ar iad a chur isteach mar íomhánna mionsamhla. Cad é an rud é íomhá mhionsamhla?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh **dhá** fhadhb a d'fhéadfadh a bheith ag an chumann má tá siad le líon mór íomhánna agus físghearrthóg a chur ar an tsuíomh gréasáin acu.

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________ [2]

Tá na cnaipí nascleanúna ar gach leathanach san ord chéanna agus san áit chéanna ar gach leathanach den tsuíomh gréasáin.

**(d)** Cad chuige a bhfuil nascleanúint chomhsheasmhach tábhachtach i ndearadh suíomhanna gréasáin?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(e)** Cad chuige ar chóir do Peter úsáid a bhaint as Modh Réamhamhairc leis an tsuíomh gréasáin a bhreathnú i mbrabhsálaí roimh é a uaslódáil chuig an Idirlíon?

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

Bhain Peter úsáid as teimpléad le gach ceann de na leathanaigh a thaispeántar thíos a chruthú.




*© Belfast Fencing Club*

**(f)** Úsáid an dá leathanach gréasáin thuas le **dhá** mhír a shainaithint a d'fhéadfadh sé a chur isteach ina dhearadh teimpléid.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**(g)** Tá na doiciméid ar shuíomh gréasáin Peter stóráilte i bhformáid FDI (*PDF*).

Cad é an buntáiste a bhaineann le doiciméid a stóráil i bhformáid FDI (*PDF*) má tá siad le roinnt thar an Idirlíon?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(h)** D'úsáid Peter réimse uirlisí le cuidiú leis an suíomh gréasáin a chruthú. Cuir síos ar an dóigh ar féidir gach ceann de na gnéithe seo a leanas a úsáid agus suíomh gréasáin á chruthú.

Amharc ar Dhearadh

Foirmeacha

[6]



[Tiontaigh an leathanach

**13** Tá Seán ag baint úsáid as bunachar sonraí le mionsonraí carranna athláimhe agus a ndíolacháin a stóráil.

**(a)** Tá an tábla seo thíos cruthaithe aige dá ghnólacht.

SONRAÍCAIRR

| CLÁRUIMHIR | DÉANTÚS | MÚNLA | BLIAIN MHONARAITHE | DATH | PRAGHAS | MÍLEÁISTE |
|---|---|---|---|---|---|---|
| AXZ3456 | MINI | COOPER | 2009 | DUBH | £10,000.00 | 15001 |
| DNZ7812 | MAZDA | MX5 | 2008 | GLAS | £8,500.00 | 46512 |
| FGZ4976 | MINI | ONE | 2009 | DEARG | £9,250.00 | 56489 |
| GGZ8512 | MAZDA | 3 | 2010 | GORM | £8,250.00 | 48723 |
| PRZ6589 | BMW | 3 | 2012 | DEARG | £19,000.00 | 5000 |
| TKZ1289 | BMW | 1 | 2011 | AIRGEAD | £15,000.00 | 8250 |

© CCEA

**(i)** Cá mhéad réimse atá sa tábla?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cá mhéad taifead atá sa tábla?

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh cineálacha sonraí do na réimsí seo a leanas:

| **Ainmréimse** | **Cineál Sonraí** |
|---|---|
| CLÁRUIMHIR | |
| PRAGHAS | |
| MÍLEÁISTE | |

[3]

**(b)** Tá iarratas curtha ag Seán ar an bhunachar sonraí ag úsáid na gcritéar seo a leanas:

Praghas> 9000 AGUS Praghas<=15 000.

Sa bhosca thíos, liostaigh CLÁRUIMHIR na gcarranna a gheobhaidh sé mar fhreagra nuair a ritheann sé an t-iarratas.

[3]

I ndiaidh dó roinnt carranna a chur leis an bhunachar sonraí, tá an tuairisc seo thíos táirgthe ag Seán.

Sonraí Carranna

| BLIAIN MHONARAITHE | PRAGHAS | CLÁRUIMHIR | DÉANTÚS | MÚNLA | DATH | MÍLEÁISTE |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2008 | | | | | | |
| | £8,500.00 | DNZ7812 | MAZDA | MX5 | GLAS | 46512 |
| 2009 | | | | | | |
| | £9,250.00 | FGZ4976 | MINI | ONE | DEARG | 56489 |
| | £10,000.00 | AXZ3456 | MINI | COOPER | DUBH | 15001 |
| | £18,000.00 | IUI3091 | VOLVO | C70 | DUBH | 500 |
| 2010 | | | | | | |
| | £8,250.00 | GGZ8512 | MAZDA | 3 | GORM | 48723 |
| 2011 | | | | | | |
| | £6,000.00 | RIW2345 | VAUXHALL | CORSA | DEARG | 23000 |
| | £15,000.00 | TKZ1289 | BMW | 1 | AIRGEAD | 8250 |
| 2012 | | | | | | |
| | £6,500.00 | JKZ3456 | FORD | FOCUS | AIRGEAD | 2460 |
| | £19,000.00 | PRZ6589 | BMW | 3 | DEARG | 5000 |

© CCEA

**(c)** Liostaigh **dhá** ghné thuairiscithe a d'úsáid sé leis an fhaisnéis a eagrú sa tuairisc.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(d)** Mhol rúnaí Sheáin dó úsáid a bhaint as bunachar sonraí simplí. Mínigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le sonraí a stóráil i mbunachar sonraí simplí in áit bunachar sonraí coibhneasta.

1. ______________________________

______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

______________________________ [4]

**14** Is féidir fadhbanna sláinte a bheith ag duine má bhíonn sé ag obair ar feadh tréimhsí fada ar ríomhaire. Cuir síos ar an dóigh ar féidir na saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta seo a leanas a laghdú.

GAS (*RSI*) ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Tuirse shúl ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [6]

**15 (a)** Tá Nalan ag déanamh staidéir ar an Acht um Chóipcheart, Dhearaí agus Paitinní (*Copyright, Designs and Patents Act*) ar scoil. Sa tábla thíos, ticeáil (✓) na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an dlí sin a shárú.

| **Ráiteas** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Na leathanaigh uilig ó théacsleabhar a fhótachóipeáil | |
| Do chuid oibre féin a mhodhnú ar líonra na scoile | |
| A chuid grianghraf féin a uaslódáil chuig suíomhanna líonraithe sóisialta | |
| Cóipeanna a dhéanamh de scannáin ar FDD (DVD) | |

[2]

**(b)** Cuireann an tAcht um Chosaint Sonraí roinnt ceanglais dhlíthiúla áirithe ar chomhlachtaí a bhailíonn sonraí faoi dhaoine.

Cuir síos ar ról na ndaoine seo a leanas san Acht um Chosaint Sonraí.

- An Coimisinéir Faisnéise
- An Rialaitheoir Sonraí
- Ábhar na Sonraí

[6]

**16** Tá Ellen ag teagasc i gceantar ar an chósta i dTuaisceart Éireann. Tá cuid dá daltaí ina gcónaí ar oileáin. Sa gheimhreadh is féidir leo bheith scartha ón scoil mar gheall ar stoirmeacha. Tá cinneadh déanta ag Ellen úsáid a bhaint as TFF (*VLE*) na scoile le cuidiú leis na daltaí seo a theagasc.

Cuir síos ar **trí** bhuntáiste do dhaltaí nach bhfuil ábalta freastal ar an scoil as TFF (*VLE*) a úsáid le staidéar a dhéanamh.

Buntáiste 1 ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Buntáiste 2 ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Buntáiste 3 ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [6]

[Tiontaigh an leathanach

**17** Na téarmaí sa liosta thíos in úsáid agat, roghnaigh téarma **amháin** is fearr a mheaitseálann an sainmhíniú sa cholún ar chlé (**ní úsáidfear na focail uilig sa liosta**).

**MÁISTIR** **OIBIACHTAÍ A LEABÚ** **AISCHOTHÚ** **DRAOI**

**FLAIS** **INIOMPARTHACHT SONRAÍ** **OIBIACHTAÍ A NASCADH** **BRAITEOIR**

**RAON** **TRASDUL** **CIA (*ROM*)** **MACRA** **BAISC**

**BOOLE** **LÁITHREACHT** **SLÁNUIMHIR** **AR LÍNE**

| **Sainmhíniú** | **Téarma** |
|---|---|
| Uirlis a chuirtear ar fáil taobh istigh de phacáiste bogearraí le cuidiú le húsáideoirí tasc a chomhlánú | |
| Cineál cuimhne ríomhaire nach féidir scríobh chuici | |
| Próiseas ríomhaire ina dtéann an t-aschur ón chóras i bhfeidhm ar an ionchur don chóras | |
| Cineál sleamhnáin a shainmhíníonn leagan amach na sleamhnán uilig eile i láithreoireacht | |
| Seiceáil bailíochtaithe a úsáidtear lena chinntiú gur iontráil an t-úsáideoir sonraí | |
| Cineál sonraí a úsáidtear nuair nach féidir leis na sonraí ach dhá luach a bheith acu | |
| An cumas comhaid a aistriú ó chóras amháin go córas eile | |
| Modh próiseála ina ndéantar sonraí a phróiseáil ag aon am amháin gan cur isteach ar bith ó dhuine | |
| Tacar de threoracha ríomhchláir a ritear trí úsáid a bhaint as ordú amháin | |
| Cairt ó scarbhileog a chur isteach i ndoiciméad próiseáil focal ionas go n-athróidh an chairt nuair a athraíonn sonraí na scarbhileoige | |

[10]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| 16 | |
| 17 | |

| **Marc Iomlán** | |
|---|---|

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.